# Bunreacht Chairde

**Bunreacht Cháirde (Coiste na dTuismitheoirí Ghaelscoil Chnoc na Ré**

**Céard é Coiste na dTuismitheoirí**

Sé Coiste na dTuismitheoirí an struchtúr trínar féidir le tuismitheoirí/oidí pháistí na Gaelscoile oibriú lena chéile ionas go mbeidh caighdeán oideachas na bpáistí sin chomh maith agus is féidir leis a bheith.

**Cén fáth a bhfuil Coiste Tuismitheoirí againn**

Léiríonn taighde go n-éiríonn níos fearr le páistí, go n-iompraíonn siad iad féin níos fearr, agus go mbíonn siad níos sona ar scoil nuair a bhíonn múinteoirí agus tuismitheoirí ag obair as lámh a chéile agus nuair a bhíonn tuismitheoirí in ann tacaíocht a thabhairt dá bpáistí sa mbaile.

Eiríonn níos fearr le múinteoirí ina gcuid oibre nuair a bhíonn siad ag obair lámh ar lámh le tuismitheoirí agus ag fáil tacaíocht uathu.

Éiríonn níos fearr le tuismitheoirí nuair a bhíonn tacaíocht tuismitheoirí eile acu. Tarraingíonn an Ghaelscoil páistí ó cheantar fairsing agus spreagann an cumann spiorad pobail bunaithe ar an scoil.

Is féidir leis na tuismitheoirí go léir le chéile páirt a ghlacadh i bpleanáil an oideachais is fearr agus is féidir dá gcuid páistí, trí chlár imeachtaí an chumainn.

Oibreoidh an Cumann ar son leas na ndáltaí ag comhoibriú leis an mBord, an Príomhoide, na múinteoirí agus na micléinn de réir an Achta Oideachais 1998.

**Ról Chumann na dTuismitheoirí**

Bailíonn Coiste na dTuismitheoirí suim mhór airgid don scoil. Bailíonn sé thart ar €10000 in aghaidh na bliana. Cabhraíonn sé seo le maoiniú imeachtaí cosúil le feadóg stáin, snámh, treallamh spóirt, ranganna Francaíse agus turais scoile.

Téimíd i gcomhairle le tuismitheoirí agus tugaimid deis dóibh a gcuid tuairimí a chur in iúl faoi pholasaí na scoile agus ábhair a bhaineann léi.

Cuirimid comhairle ar an bpríomhoide agus ar an mBord faoi ábhair a bhaineann leis an scoil de réir an Achta Oideachais 1998, 26 (2) (a)

Eagraímid agus maoinímid oícheanta eolais agus saotharlanna do thuismitheoirí ar cheisteanna ábharthacha. Cuirimid imeachtaí sóisialta ar siúl do thuismitheoirí agus dá gclann mar shampla Tóraíocht Taisce, Céilí etc.

**Réimse imeachtaí a eagraíonn Coiste Tuismitheoirí na Gaelscoile chun airgead a bhailiú.**

- Pacáil Málaí
- Tráth na gCeist Boird
- Crannchur Míosúil
- Raifilí
- Cártaí Nollag

**Árachas**

Tá árachas ag Coiste na dTuismitheoirí chun an cumann a chlúdach sa chás go mbíonn éileamh.

**Ballraíocht i gCumann na dTuismitheoirí.**

Is baill den chumann gach tuismitheoir/oide a bhfuil páiste no páistí acu ag freastal ar Ghaelscoil Chnoc na Ré

**Coiste Chumann na dTuismitheoirí**

Ba chóir go mbeadh ar a laghad beirt tuismitheoirí ó gach rang sa scoil ar an gcoiste le cinntiú go mbeidh ionadaíocht chothrom ó na tuismitheoirí go léir sa scoil.

Toghfar baill an chumainn Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir ag an gcruinniú cinn bhliana.

Dréachtóidh coiste Chumann na dTuismitheoirí plean d'imeachtaí an chumainn don bhliain atá le teacht, i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis an bpríomhoide.

B'fhéidir go gcomhthoghfaidh an coiste daoine chun cabhrú leo ina gcuid oibre. B'fhéidir freisin go mbunófar fo-choistí le haghaidh tascanna faoi leith.

**Airgeadas**

Bailíonn cumann na dtuismitheoirí suim mhór airgid chun cabhrú leis an scoil réimse leathan imeachtaí a chur ar fáil d'ár gcuid páistí.

Coinníonn an Cisteoir cuntais iomlána agus cuirtear ós comhair an chumainn iad ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

Coinníonn Cumann na dTuismitheoirí cuntas bainc ina ainm féin. Caithfidh an cisteoir agus ball amháin eile den choiste seiceanna ag tarraingt airgid ón gcuntas a shíniú.

Aistrítear airgead a bhailíonn Cumann na dTuismitheoirí go dtí cuntas an Bhoird Bhainistíochta. Caitheann an Bord Bainistíochta an t-airgead seo i gcomhairle le Cumann na dTuismitheoirí.

**Ballraíocht i gCumann Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoileanna): NPC (P)**

Gach bliain déanfaidh an Cumann comhcheangal le Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoileanna). Tá a lán buntáistí ag baint leis an gcomhcheangal sin:

- Rochtain ar eolas
- Cláir Thraenála
- Córais Tacaíochta
- Bealach chun tuairimí faoin oideachas a chur ar aghaidh ionas go rachaidh siad i bhfeidhm ar pholasaí go náisiúnta.
- Laghdú ar chostais árachais d'imeachtaí Chumann na dTuismitheoirí.